



## BABHTA COIMISIÚNAITHE DON CHISTE CRAOLTÓIREACHTA GAEILGE (ILBF) Fómhar 2021

- **Sprioc-am d' iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luain 28ú Meitheamh, 2021.**

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ón earnáil léiriúcháin neamhspleách chun cláir aonair agus/nó sraitheanna a sholáthar dúinn.

Critéir nach mór a bheith i d'iarratas chuig TG4:

Sa bhabhta coimisiúnaithe seo roghnófar tograí le cur ar aghaidh lena mbreithniú do thacaíocht faoin chéad bhabhta eile de Chiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF). Ná cuir ar aghaidh ach tionscadail atá incháilithe faoi an scéim.

Ba chóir gach iarratas ar choimisiún a theacht chugainn tríd an gcóras ríomh-choimisiúnaithe mar cheangaltán pdf agus an buiséad mar cheangaltán excel. Ní dhéanfar iarratas a mheas nach bhfuil buiséad leis.

NB: Ní dhéanfar d'iarratas a mheas mura mbeidh na nithe seo san áireamh.

Le gach iarratas, ní mhór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratais.

- Achoimre cruthaitheach faoin gclár nó faoin sraith.
- Buiséad iomlán
- Léiritheoir & Stiúrthóir luaite chomh maith le príomh foireann taobh thiar den cheamara.
- Cur chuige físiúil ón stiúrthóir
- Moltaí maidir le tallann/rannpháirtithe atá le bheith ar an scáileáin
- Sprioc lucht féachana TG4 agus an sprioc-am craolta
- Plean nó sceideal léiriúcháin
- Ba cheart do na hiarratais a shonrú cé acu de na gnéithe inghlactha don bhabhta seo don BAI a dtagraíonn siad dóibh.
- Plean maoinithe
- Straitéis Digiteach 360

Ba chóir go sonrúfaí sna hiarratais cé acu de na Gnéithe Inghlactha thíosluaite don bhabhta seo den ILBF a dtagraíonn siad dóibh.

## **GNÉITHE INGLACTHA SA BHABHTA SEO FAOIN ILBF:**

### **1. Fíorasach & Siamsaíocht Croí-lucht féachana.**

Sraith de chláir faisnéise nó siamsaíochta 25' nó 50' ar fhad ag plé, den chuid is mó, le scéalta láidre, téamaí comhaimseartha a thugann léargas dúinn ar dhuine, teaghlach, grúpa nó gairm. Fáilteofar roimh scéalta a bhaineann leis an nádúr, athrú aeráide, cúrsaí timpeallachta, tomhaltóirí (consumerism), faisean, tithíocht, tógáil clainne, nó meascán de sheánraí.

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine, 8pm nó 8.30pm.

**Formáid:** Cláir/sraitheanna faisnéise nó cláir/sraitheanna siamsaíochta, 25' nó 50' ar fhad.

**Lucht Féachana:** Croí-Lucht Féachana.

### **2. Fíorasach Náisiúnta**

Faisnéis aonair uair an chloig nó sraith faisnéise ina léirítear scéal láidir, tábhachtach agus atá feiliúnach do phríomhsceideal TG4. Is féidir le scéalta súil ghéar a chaitheamh ar shaol na hÉireann trí bhreathnóireacht nó trí mheascán de mhodhanna scéalaíochta agus athchruthaíochta. Cuirfear fáilte faoi leith roimh scéalta a bhaineann leis na réimsí seo - sláinte, spóirt, saol clainne, coiriúlacht, scéalta ban agus go leor eile a mheallfaidh an lucht féachana is leithne.

**An chéad am craolta:** Dé Céadaoin, 9.30pm

**Formáid:** Sraith de chláir faisnéise láidre, tarraingteacha 50 nóiméad ar fhad.

**Lucht Féachana:** Náisiúnta

**Scannáin Fhaisnéise fada:** Fáilteofar freisin roimh scannáin fhaisnéise fada – 70' – 90' ar fhad ar féidir taispeántais san amharclann, ag féilte agus a bhéas mar sheoid chlár sceidil TG4.

### **3. Fíorasach Stair Náisiúnta**

Bíonn na cláir staire is fearr siamsúil, suimiúil agus bunaithe ar an scéal a insint. Nílimid ag iarraidh smaointe nach bhfuil iontu go bunúsach ach aistí acadúla ina bhfuil agallaimh agus pictiúir, táimid ag iarraidh smaointe ina n-úsáidtear cuir chuigí nuálacha chun an scéal a insint agus formáidí cliste a chuideoidh leis an lucht féachana eolas nua a iniúchadh, a aimsiú agus a fháil amach. Tá sé tábhachtach go mbeimid ábalta tuiscint a bheith againn

ar ár bpearsaí stairiúla, díreach mar a bheidís fós ar an saol seo. Oibreoidh ócáidí comórtha a bhaineann leis an stair chomh fada is go gcaitear leo mar ar bhealach atá úr agus ábhartha agus comhaimseartha.

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine, 9.30pm.

**Formáid:** Cláir aonair nó sraith staire, 50 nóiméad nó 75 nóiméad ar fhad.

**Lucht Féachana:** Náisiúnta.

#### **4. Siamsaíocht Fhíorasach Náisiúnta**

Is féidir leis a bheith i bhformáid fhíorasach nó ina shraith bhreathnaitheach, nó ina shainshraith fhíorasach más sraith í a bheidh siamsúil agus uailmhianach! Bíonn iomaíocht mhór ann don chraoladh a bhíonn ann oíche Déardaoin @ 9:30pm agus mar sin ní mór don tsraith a bheith bainteach le saol na linne, ábhartha, dúshlánach agus conspóideach in amanna. Ní mór dó a bheith croíúil agus siamsúil agus go mbeadh sé nádúrtha.

**An chéad am craolta:** Déardaoin, 9.30pm

**Formáid:** Sraith de chláir shiamsaíochta fhíorasacha láidre, tarraingteacha 50 nóiméad ar fhad.

**Lucht Féachana:** Náisiúnta

#### **5. Siamsaíocht ceoil thraidisiúnta**

Sraith clár agus / nó cláir aonair uair an chloig ar fhad, idir fhaisnéis agus thaibhsiú an cheoil a chruthaíonn ardáin agus cóiriú nua don cheol agus don amhránaíocht thraidisiúnta agus a dhéanann ceiliúradh ar shaibhreas ár n-ealaíon dúchasach. Is féidir réimse an cheoil a mheascadh le réimsí eile faisnéise, m.sh: cláir taistil ceoil, beathfhaisnéise agus ceol a bheidh feiliúnach le craoladh sa phríomhsceideal ceoil Dé Domhnaigh ag 21.30 agus mar chláir aonair, speisialta um Nollag/Cáisc nó mar chomóradh ar amanna nó ócáidí faoi leith sa bhliain.

**An chéad am craolta:** Dé Domhnaigh, 9.30pm.

**Formáid:** Sraith de chláir 50 nóiméad ar fhad.

**Lucht Féachana:** Náisiúnta

#### **6. Siamsaíocht ceoil NACH ceol traidisiúnta é**

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine, 9.30pm.

**Formáid:** Sraith de chláir 25 nó 50 nóiméad ar fhad a d'fhéadfadh a bheith ina meascán de fhormáidí.

**Formáid:** Sraith clár 25 nó 50 nóiméad ar fhad nach gá a bheith i bhformáid ceolchoirme. Cuirfear fáilte roimh fhormáidí eile.

**Lucht Féachana:** Náisiúnta.

## 7. 2021 / 2022

Fáilteofar roimh iarratais ar thograí is féidir a léiriú le linn 2021 agus iad a chraoladh mar chuid de sceideal na Nollag / na bliana nua 2021 / 2022. Ní mór do chláracha a bheith feiliúnach le craoladh mar chuid den phríomhsceideal agus feiliúnach do lucht féachana leathan. Smaointe a thugann dearcadh úr ar scéalta na hÉireann agus a mbeidh spéis ag daoine idir shean agus aosta iontu, smaointe atá siamsúil agus dearfach atá de dhíth.

Bíonn an-tóir go deo ar cheolchoirmeacha nó cláracha a mheascann faisnéis agus oirfidigh an cheoil um Nollag. Éiríonn thar barr le cláracha faisnéise faoi dhaoine as Éirinn atá i mbéal an phobail, pearsana spóirt agus cláracha ina gcaitear súil ghrinn, éadrom ar shaol ár linne.

Is féidir cláracha aonair uair an chloig nó cláracha fada oibriú le linn sceideal na Nollag. D'fhéadfaí sraith dhá / trí chuid is féidir a chraoladh oícheanta i ndiaidh a chéile idir dhá Nollaig oibriú go maith freisin.

Fad: Idir 50' agus 70'

Lucht Féachana: Daoine fásta / leathan / Náisiúnta



## 8. Siamsaíocht do pháistí (páistí réamhscoile nó 6-12 bhliain)

Fáilteoidimid roimh iarratais ar ábhar beo-ghnímh (live action) ina mbeidh páistí nó tálann óg láithreoirí a mheallfaidh an lucht féachana ar an scáileán. Ábhar tarraingteach agus siamsúil, a spreagann fiosracht agus foghlaim, ach a bhfuil féith an ghrinn ag baint leo.

Lucht féachana luath bunscoile (5-7 mbliana)

Lucht féachana réamhscoile, faoi 5 bliana

Lucht féachana bunscoile (8-12 bhliain)

*I gcás sraitheanna atá á bhforbairt, is fiú míreanna nó eilimintí a d'fhéadfaí a úsáid tras-ardán a bheith san áireamh.*

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine.

**Formáid:** Sraith de chlár, fad éagsúil.

**Lucht Féachana:** Páistí, Croí-lucht féachana

## **9. Cláir athghuthaithe do pháistí (páistí réamhscoile nó 6-12 bhliain)**

An chéad am craolta: Lá i rith na seachtaine.

Formáid: Sraith de chláir, faid éagsúla, 15 uair an cloig.

Lucht Féachana: Páistí, Croí-lucht féachana

Ní mór na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <https://ecomm.tg4.ie>, agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'ILBF Fómhar, 2021', ón roghchlár anuas. Gheobhaidh tú admháil leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is faoi na comhlachtaí iad féin atá sé a chinntiú go bhfuil na hiarratais faighte againn.

Má tá aon cheist maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha – [maire.ui.choisdealbha@tg4.ie](mailto:maire.ui.choisdealbha@tg4.ie)

Má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Mary Ellen Ní Chualáin [maryellen.ni.chualain@tg4.ie](mailto:maryellen.ni.chualain@tg4.ie)

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghais, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Theastas Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear in iúl d'iarrthóirí gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar eolas íogair (más ann dó) agus an chúis gur eolas íogair é a chur in iúl. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogair é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*